Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2026
(OR. en)

7871/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0324(NLE)

RECH 152
MED 18
AGRI 236
MIGR 99
RL 1

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 17098/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA)<br>– Glacadh |

1. An 19 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an chomhaontaithe, i bhfoirm Malartú Litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Liobáine sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA).

[1] 17097/24+ ADD 1
[2] 17098/24+ ADD 1

2. An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh. Ag an am céanna, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 5948/25 é, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

3. Síníodh an comhaontú chun an Comhaontú le Poblacht na Liobáine a leasú agus a fhorlíonadh an 8 Nollaig 2025 i bhfoirm Malartú Litreacha.

4. An 26 Márta 2026, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chun an Comhaontú a leasú agus a fhorlíonadh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 5948/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 5943/25

[4] 5949/25